**M 86T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2004

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe i dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amhain a roghnú as *gach grúpa ar leith* de na trí ghrúpa, agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a bhfuil gá leo chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ina theannta seo a bhfuil **X** marcáilte air.

## Grúpa I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) "An geimhreadh céanna, de réir an nós bliantúil a bhí acu, chuir na hAithinigh sochraid phoiblí ar siúl dóibh siúd is túisce a fuair bás sa chogadh." (Thucydides, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Ina Óráid Shochraide, cad tá le rá ag Peiricléas faoi chóras rialtais na hAithine agus faoin "slí mhaireachtála a rinne dream mórchlú dínn"? (30)

(b) Cén moladh atá aige orthusan a fuair bás? (20)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar bhua na mBéóitiach ar na hAithinigh ag Delium. (35)

(b) Cén ról ceannais a bhí ag Pagondas i mbua na mBéóitiach? (15)

(iii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Archidamus, Rí Sparta; Déamóstainéas, ginearál Aithineach; Cléón, polaiteoir agus ginearál Aithineach. (50)

(iv) (a) Cén cur chuige a mhol Peiricléas do na hAithinigh agus iad i mbun cogaíochta in aghaidh Sparta? (25)

(b) Ar lean na hAithinigh an chomhairle seo i gcónaí?
Bíodh tagairt agat d'eachtraí Chogadh na Peilipinéise, mar thaca le do fhreagra. (25)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Thug Alastar cuairt ar an Traí díreach tar éis dó teacht i dtír san Áis den chéad uair. Tabhair cuntas ar an gcuairt sin. (40)

(b) Cén fáth ar thug sé cuairt ar an Traí ag an am sin? (10)

(ii) Scríobh nótaí gearra ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

an tSnaidhm Ghoirdiach; loisceadh Pheirsipilise; Carraig Aornos. (50)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar na deacrachtaí agus ar an gcruatan a d'fhulaing Alastar agus a arm le linn dóibh an fásach Geadróiseach a thrasnú. (40)

(b) Cén "gníomh ab uaisle" a rinne Alastar sa trasnú dó? (10)

(iv) (a) Cén rud is mó atá le moladh faoi Alastar dar leat? (25)

(b) Cén rud is lú atá le moladh faoi Alastar dar leat? (25)

Bíodh tagairtí don téacs agat mar thaca le do chuid freagraí.

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Nuair a fuair Tullia iníon Chiceаró bás, cad iad na hargóintí a d'úsáid a chara Sulpicius chun sólás a thabhairt do Chicearó? (40)

(b) Arbh aon chúnamh do Chicearó é caint Sulpicius, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar Chath Pharsalus ina bhfuair Caesar an bua ar Phoimpéas. (30)

(b) Tabhair cuntas ar an gcaoi ar tugadh bás Phoimpéis san Éigipt go gairid tar éis Chath Pharsalus. (20)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar na dánta éigeantacha, léirigh gur file an ghrá, an fhuatha agus an chairdis é Catallus. (50)

(iv) (a) Cén cineál duine ba ea Catailín? (15)

(b) Cén cineál daoine a bhailigh sé mórthimpeall air féin? (10)

(c) Tabhair cuntas gearr ar an gcomhcheilg Chatailíneach. (25)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Ag sochraid Ágastais, bhí daoine áirithe ag moladh agus daoine eile ag cáineadh an Impire mhairbh. Déan achoimre ar na hargóintí ar **dhá thaobh** na díospóireachta, de réir an chur síos ag Tacatas. (50)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Marcus Antonius; Agrippina, bean chéile Ghermanicus; Livia, bean chéile Ágastais. (50)

(iii) (a) Cén fáth, dar leat, ar fhág Tibéirias an Róimh chun dul chun cónaithe ar Oileán Capri? (35)

(b) De réir Suetonius, cén saol a bhí ag Tibéirias ann? (15)

(iv) (a) Cén chaoi ar iompair Tibéirias é féin nuair a tairgíodh post an Impire dó ar bhás Ágastais? (40)

(b) Cad é do mheas ar iompar Tibéiriais ag an am sin? (10)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sófaicléas, cad a dúirt an tOracal Deilfeach le Jocasta agus Laius faoina leanbh nuashaolaithe? (20)

(b) Cén chaoi a ndearna Jocasta agus Laius iarracht ar an oracal a shárú? (15)

(c) Cad a chuaigh mícheart lena bplean? (15)

(ii) "Sea, náire shaolta a bheidh ann duit, an céile nuaphósta, go bhfuil do chlann mhac agus mise a tharrtháil ón mbás tú, ar thaobh an bhóthair ag déircínteacht." (Eoraipidéas, *Méidia*)

(a) Cad tá i gceist ag Méidia nuair a thugann sí "an céile nuaphósta" ar Iasón? (10)

(b) Cad a bhí déanta ag Méidia chun Iasón a tharrtháil ón mbás agus chun laoch a dhéanamh de? (20)

(c) Cén fáth nach féidir le Méidia fanacht sa Choraint? (10)

(d) Cén fáth nach féidir le Méidia dul ar ais go dtí a baile féin? (10)

(iii) Sa dráma le Eoraipidéas, sheol Méidia gúna agus coróinéad chuig Glauce bean chéile nua Iasóin.

(a) Déan cur síos ar an gcaoi ar spreag na bronntanais seo bás Glauce agus a hathar Créón. (40)

(b) Cén chaoi ar fhreagair Méidia nuair a fuair sí scéala a mbás? (10)

(iv) (a) I radharc deireanach an dráma, *Éideapús Rí*, cad iad na fáthanna a luann Éideapús ar dhall sé é féin? (35)

(b) Cén imní atá air i dtaobh a bheirt iníonacha sa todhchaí? (15)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) "Is gearr gur chroch an bard suas amhrán lena ghuth breá. An grá idir Airéis agus Afraidíte a bhí mar ábhar aige…an chaoi a ndearna siad grá faoi rún i bpálás a fir chéile Héafaestas den chéad uair". (Hóiméar,*An Odaisé*)

(a) Tabhair cuntas ar an gcaoi a bhfuair Héafaestas an ceann is fearr ar na leannáin agus ar an gcaoi ar náirigh sé os comhair an tsaoil iad. (40)

(b) An bhfuil an scéal seo greannmhar, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) (a) San *Aeinéid* le Veirgil cén gaol atá idir Véineas agus Aéinéas? (10)

(b) Cén ról atá ag Véineas sna heachtraí san *Aeinéid* atá ar do chúrsa? (40)

(iii) (a) Dar le Veirgil san *Aeinéid*, Leabhar 2 cén chaoi ar áitíodh ar mhuintir na Traí an Capall a thabhairt laistigh dá gcuid ballaí? (25)

(b) Déan cur síos gearr ar an gcaoi a bhfuair Priam, Rí na Traí, bás an oíche úd. (25)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar an gcuairt a thug Telemachus ar Neastor ag Púlos agus ar a chuairt ar Mheinealás agus ar Héilin ag Sparta. (*Odaisé,* Leabhair 3 agus 4) (40)

(b) Cén cuidiú a bhí, dar leat, sna cuairteanna seo chun an aibíocht a thabhairt chun cinn i dTelemachus? (10)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Ina dhán *Breith an tSlánaitheora* le Veirgil, cén chuma a bheidh ar shaol na n-ainmhithe agus na bplandaí le teacht na Nua-Aoise? (30)

(b) Cen t-athrú a thiocfaidh ar iompar an duine le teacht na Nua-Aoise? (20)

(ii) Ón léamh atá déanta agat ar an *Réamhrá, Na Mná Saibíneacha* agus *Cogaíocht Aicmeach* le Livias, cad iad na nithe is mó a mhol Livias mar gheall ar na Rómhánaigh luatha? (50)

(iii) De réir na ndánta ar do chúrsa, déan cur síos ar an gcaidreamh idir Propertius agus Cynthia. (50)

(iv) (a) Inis go hachomair scéal an dáin *An Luch Baile agus an Luch Tuaithe* le Horáit. (40)

(b) Cén ceacht, dar leat, atá sa dán seo? (10)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Taispeánann **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** an plean don Phartanón san Aithin.

(a) Tabhair cuntas ar an teampall agus téarmaí cearta ailtireachta á n-úsáid agat. (40)

(b) Ainmnigh gné Iónach **amháin** den teampall. (10)

(ii) (a) Ainmnigh an fhíor a thaispeántar i bh**Fótagraf B** ar **Pháipéar X** agus luaigh ainm an dealbhóra. (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(c) Cad é do mheas ar thuairim Richter go bhfuil an t-ógánach "ag casadh a chinn agus a choirp i riocht atá lúbtha ach fós deachumtha." (15)

(d) Cad iad na hathruithe a thugann tú faoi deara sa dealbhóireacht seo ón dealbhóireacht sa Ré Ársa? (15)

(iii) Taispeánann **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** Stoa Attalus.

(a) Cá bhfuil an struchtúr seo lonnaithe? (15)

(b) Cad chuige ar úsáideadh struchtúir dá leithéid? (15)

(c) Cad iad na hoird de cholúin Ghréagacha a thaispeántar sa struchtúr seo? (20)

(iv) Déan staidéar ar **Fhótagraf D** ar **Pháipéar X** a thaispeánann Gall ag fáil bháis agus a bhean chéile ina theannta (an ré Heilléanach).

(a) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbh seo tipiciúil den dealbhóireacht Heilléanach? (30)

(b) Cén chaoi ar éirigh leis an ealaíontóir an drámatúlacht agus an tragóid a bhaineann leis an lánúin a léiriú? (20)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) " Ach dealraíonn sé domsa, a Shócraitéis, má ligimid duit dul ar aghaidh mar seo go ndearmadfaidh tú go gcaithfidh tú fós a léiriú gur féidearthacht phraiticiúil is ea an stát a bhfuil cur síos déanta againn air." (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Cén chaoi a bhfreagraíonn Sócraitéas an argóint gur idéal is ea an stát aige nach n-oibreoidh go praiticiúil in aon chor? (40)

(b) Cad é an t-aon dóchas amháin atá ann go mbainfear amach an stát idéalach seo, dar le Sócraitéas? (10)

(ii) (a) Rianaigh samhail an Chaptaein Mhara. (40)

(b) Cad a insíonn an tsamhail dúinn faoi thuairimí Phlatóin ar an daonlathas? (10)

(iii) "An bhfuilimid, dá bhrí sin, lántoilteanach ligean dár bpáistí éisteacht le gach sórt scéil a chumtar, agus tuairimí a bheith acu atá glan i gcoinne na dtuairimí sin ba choir a bheith acu, dar linne, ar fhás suas dóibh?" (Platón, *An Phoblacht)*

(a) Cén sórt scéalta faoi dhéithe agus faoi laochra a gcuireann Platón cosc orthu in oideachas na gCosantóirí? (25)

(b) Cad iad na cúiseanna a thugann sé lena gcosc? (25)

(iv) "….is féidir le dhá rud fuílleach ár gcuid oibrithe a scrios agus a chur ó rath. Cad iad sin? Saibhreas agus bochtanas, a dúirt mé." (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Cén fáth a measann Sócraitéas go bhfuil saibhreas agus bochtanas chomh dainséarach sin do na hoibrithe? (35)

(b) Dar le Sócraitéas, cén fáth ar chóir go bhféadfadh an stát aige féin stáit i bhfad níos saibhre a chloí? (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Déan staidéar ar **Fhótagraf E** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Ainmnigh an dá fhíor lárnacha sa phictiúr ealaíne seo agus mínigh cén scéal atá á léiriú. (20)

(b) Déan trácht ar úsáid dhathanna sa phictiúr seo. (20)

(c) Cá bhfaighfí a leithéid seo de phictiúir i dteach Rómhánach? (10)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf F** ar **Phaipéar X.**

(a) Cén séadchomhartha Rómhánach ónar tháinig na dealbha seo? (10)

(b) Cén feachtas a ndéanann se taifeadadh air? (5)

(c) Déan cur síos ar na gníomhaíochtaí a thaispeántar sa dá bhanda íochtaracha. (35)

(iii) Taispeánann **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** teampall Bhacais ag Baalbek. Taispeánann **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** atógáil ar an taobh istigh de.

(a) Déan cur síos ar an taobh amuigh den teampall seo. (20)

(b) Déan cur síos ar an taobh istigh den teampall seo. (20)

(c) Ainmnigh aon ghné **amháin** den teampall seo atá tipiciúil de theampall Rómhánach. (10)

(iv) Taispeánann **Fótagraf I** ar **Phaipéar X** an plean do Fholcadáin Haidriain ag Lepcis Magna.

(a) Bain úsáid as an bplean agus léirigh dea-eagar agus cothromaíocht na bhfolcadán seo. (30)

(b) Cén fáth a raibh folcadáin dá leithéid seo fíorthábhachtach i saol na mbailte Rómhánacha? (20)

---